# LEABHRÁN FAISNÉISE D'IARRTHÓIRÍ

LÉIGH GO CÚRAMACH

Comórtas oscailte le haghaidh ceapadh chuig an bpost seo:

**SPEISIALTÓIR SINSEARACH TFC (FORBAIRT BOGEARRAÍ) – ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT (CONRADH TRÍ BLIANA)**

**SA**

**CHOIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ**

Dáta deiridh: 12pm meán lae an 26 Eanáir 2026

Tá an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí tiomanta do bheartas comhdheise a leanúint.

Reáchtálfaidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí an feachtas seo de réir an Chóid Chleachtais i gcomhair Ceapacháin chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Foilsíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí cóid chleachtais agus bíonn siad ar fáil ar www.cpsa.ie

Uimhir Theileafóin: +353 (1) 637-7609
Ríomhphost: recruitment@lawreform.ie
Gréasán: https://www.lawreform.ie/

# CLÁR ÁBHAR


| | Leathanach |
|---|---|
| An Ról | 3 |
| Ceanglais Iontrála agus Incháilitheacht | 4 |
| Príomhchoinníollacha Seirbhíse | 7 |
| Próiseas an Chomórtais | 13 |
| Modhanna Roghnúcháin | 14 |
| Rúndacht | 14 |
| Imréiteach Slándála | 14 |
| Cearta Iarrthóirí | 15 |
| Oibleagáidí Iarrthóirí | 17 |
| Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018 | 17 |
| Aguisín 1: Príomhinniúlachtaí | 19 |

**Speisialtóir Sinsearach TFC (Forbairt Bogearraí) – Rochtain ar Reachtaíocht**
**Conradh trí bliana**
**sa**
**Choimisiún um Athchóiriú an Dlí**

**Réamhrá**

**An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí**
Comhlacht reachtúil a bunaíodh leis an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975, is ea an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí. Tá cúigear comhaltaí ag an gCoimisiún: an tUachtarán, an Coimisinéir Lánaimseartha, agus triúr Coimisinéirí páirtaimseartha. Is é an ról atá aige an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí a dhéanamh dá droim sin le haghaidh athchóiriú an dlí, agus an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do gach duine.

**An Ról**
Rannchuideoidh an Speisialtóir Sinsearach TFC go príomha le tacú le feidhmchlár Gréasáin láithreach agus leis an bhfeidhmchlár sin a chothabháil agus a fheabhsú, ar feidhmchlár é atá bunaithe ar Java agus atá freagrach as tacair sonraí XML reachtaíochta agus scarbhileog struchtúrtha atá ar mhórscála agus atá á dtiomáint ag scéimrí a ionghabháil, a bhailíochtú, a chlaochlú agus a fhoilsiú, agus stóráil sheasmhach agus aisghabháil ag gabháil leis trí bhunachar sonraí coibhneasta SQL. Díreofar sa ról go príomha ar fhorbairt cúil, agus rannchuidiú á dhéanamh freisin le gníomhaíochtaí tosaigh agus cruaiche iomláine de réir mar is gá. Tacóidh an sealbhóir poist le córais atá ríthábhachtach don ghnó agus rannchuideoidh sé/sí le tionscnaimh a mbeidh mar aidhm leo córais a nuachóiriú.

Beidh príomhdhualgais an phoist mar a leanas:

- Feidhmchláir Ghreásáin Java atá ar scála fiontar a dhearadh, a fhorbairt, a thástáil, a dhífhabhtú agus a chothabháil.
- Córais táirgthe atá ann cheana a chothabháil agus a fheabhsú, lena n-áirítear teagmhais, fabhtanna agus fadhbanna feidhmíochta a imscrúdú agus a réiteach.
- Feidhmiúlacht láidir cúil a fhorbairt agus a chothabháil le haghaidh córais lena mbaineann tacair sonraí XML reachtaíochta agus scarbhileog struchtúrtha atá ar mhórscála agus atá á dtiomáint ag scéimrí a ionghabháil, a bhailíochtú, a chlaochlú agus a fhoilsiú.
- Rannchuidiú le comhéadain úsáideora a fhorbairt trí úsáid a bhaint as HTML, as CSS agus as JavaScript de réir mar is gá.
- Tástálacha aonaid, tástálacha comhtháthaithe agus tástálacha cúlchéimnithe a dhearadh, a chur chun feidhme agus a chothabháil.
- Doiciméadacht theicniúil atá cruinn agus cothrom le dáta a tháirgeadh agus a chothabháil.
- Rannchuidiú le tionscnaimh a bhfuil mar aidhm leo córais a nuachóiriú agus le fiachas teicniúil a laghdú.
- Meastacháin chruinne ar dhícheall a sholáthar, agus amlínte seachadta a chomhaontú le geallsealbhóirí.

- Tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn tionscadal agus ar fheidhmíocht córas do gheallsealbhóirí inmheánacha agus do gheallsealbhóirí seachtracha.
- Páirt a ghlacadh i bpiar-athbhreithnithe cóid, agus tacú le cleachtais feabhsúcháin leanúnaigh.
- Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le húinéirí próisis gnó agus le geallsealbhóirí neamhtheicniúla.
- Rannchuidiú le cinnteoireacht theicniúil laistigh den eagraíocht agus laistigh den Aonad um Rochtain ar Reachtaíocht.
- A chinntiú go gcomhlíontar beartais TFC na heagraíochta.
- Feasacht a choinneáil ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá ábhartha do chórais fiontar atá bunaithe ar Java.
- Páirt a ghlacadh i bpróisis soláthair le haghaidh seirbhísí agus táirgí TFC i gcás gur gá.
- Dualgais ghaolmhara atá comhsheasmhach leis an ról a dhéanamh de réir mar is gá.

**Ceapacháin ó Phainéil**
Bunóidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí painéil a bheidh comhdhéanta de dhaoine aonair a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha acu chun folúntais a líonadh de réir mar a thagann siad chun cinn. Beidh an painéal i bhfeidhm ar feadh ocht mí dhéag.

Más rud é go dtairgtear post d'iarrthóir agus go nglacann sé leis, ní mór dó/di bheith ar fáil chun an post sin a thosú laistigh de thréimhse réasúnach ama. Níl an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí in ann a bheith deimhin de cá mhéad folúntas a líonfar thar thréimhse feidhme an phainéil, agus d'fhéadfadh nach sroichfí iarrthóirí ar an ord fiúntais.

Ní dearbhú go gceapfar duine chuig post atá ina cháiliú chuig painéal agus ina chur air. A luaithe a bheidh sé/sí sroichte ar phainéal, ní bhreithneofar aon iarrthóir ach amháin le haghaidh post amháin de ghnáth. A luaithe a bheidh sé/í sannta do phost, bainfear iarrthóir ón bpainéal agus ní bhreithneofar é/í a thuilleadh le haghaidh aon phost sa todhchaí. Tabhair faoi deara go mbainfear iarrthóir ón bpainéal agus nach ndéanfar aon tairiscintí breise ceapacháin dó/di má ghlacann sé/sí le tairiscint cheapacháin.

***Tabhair faoi deara nach dearbhú go gceapfar duine chuig post atá ina c(h)ur ar phainéal.***

**CÁILÍOCHTAÍ AGUS TAITHÍ**

**Ceanglais Bhunriachtanacha:**
**Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu faoin 1 Eanáir 2026 nó a bheith in ann a thaispeáint go bhfuil siad acu:**

- Cáilíocht ag Leibhéal 7 nó 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí i dTeicneolaíocht Faisnéise, in Eolaíocht Ríomhaireachta nó i ndisciplín gaolmhar, nó taithí ghairmiúil choibhéiseach.
- Taithí ghairmiúil trí bliana ar a laghad ar fheidhmchláir bogearraí ar ghrád fiontar a fhorbairt, agus taithí shuntasach ar obair le Java.
- Taithí chruthaithe ar obair le teicneolaíochtaí casta XML, lena n-áirítear XSLT, XSL-FO agus XPath.
- Taithí ar dhoiciméid mhóra nó chasta XML a phróiseáil agus a bhailíochtú.
- Taithí láidir ar phrionsabail deartha agus forbartha atá bunaithe ar oibiachtaí.
- Taithí ar fheidhmchláir RESTful API a dhearadh agus a bhainistiú.

- Taithí ar bhunachair sonraí a dhearadh agus a fhorbairt, mar aon le scileanna láidre SQL. Sa chás is fearr, bhainfeadh siad sin le MySQL nó le bunachair sonraí choibhneasta choibhéiseacha.
- Taithí ar obair le freastalaithe feidhmchláir amhail Tomcat.
- Tuiscint láidir ar shaolré na forbartha bogearraí, ar bhainistíocht athruithe agus ar phróisis scaoilte.
- Taithí ar úsáid a bhaint as Git agus as GitHub (nó a gcomhionann) le haghaidh rialú leaganacha.
- Taithí ar obair le timpeallachtaí néalbhunaithe (AWS, Azure nó a gcomhionann), lena n-áirítear seirbhísí amhail EC2, S3, IAM, agus imscaradh nó óstáil a dhéanamh ar fheidhmchláir Ghréasáin laistigh de néalbhonneagar.
- Cumas taispeánta chun coincheapa teicniúla casta a mhíniú do gheallsealbhóirí neamhtheicniúla.

**De bhreis ar na nithe thuas, ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann a thaispeáint freisin go bhfuil acu na Príomhinniúlachtaí atá sainaitheanta le haghaidh feidhmíocht éifeachtach ar an leibhéal seo. Tá siad sin liostaithe in Aguisín A.**

**Scileanna breise inmhianaithe:**

Sa chás is fearr, beifear ag súil leis freisin go mbeidh iarrthóirí in ann a thaispeáint go bhfuil na nithe seo acu freisin:

- Taithí ar fhorbairt tosaigh, lena n-áirítear:
  - Creataí HTML, CSS agus JavaScript nua-aimseartha (e.g., Angular, React, Vue nó a gcomhionann)
  - Taithí ar obair le creataí tosaigh oidhreachta amhail AngularJS laistigh de chórais atá ann cheana
  - Comhéadain úsáideora inrochtana a chur chun feidhme
  - Breithniúcháin feidhmíochta agus slándála ar thaobh an chliaint
- Taithí ar obair le creataí tástála uathoibrithe (e.g., JUnit, Selenium nó a gcomhionann).
- Taithí ar chomhaid Excel a ghiniúint agus a ionramháil trí úsáid a bhaint as leabharlanna Java.
- Taithí ar obair le píblínte CI/CD.
- Taithí ar scriptiú Python.
- Taithí ar chórais oidhreachta a nuachóiriú, lena n-áirítear athfhachtóireacht chéimnithe, uasghráduithe ardáin agus aistrithe bonnchóid rialaithe (e.g., uasghráduithe leaganacha Java nó aistriú ó JavaScript go TypeScript).

**Má éiríonn leo, ní cheapfar an t-iarrthóir chun an phoist:**

- Mura n-aontaíonn sé/sí tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais nó faoina bhféadfadh sé bheith riachtanach na dualgais a chomhlíonadh.
- Mura bhfuil sé/sí inniúil agus ar fáil go hiomlán chun tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus mura bhfuil sé/sí lánábalta tabhairt fúthu.

**<u>Incháilitheacht chun Páirt a Ghlacadh sa Chomórtas agus Srianta Áirithe ar Incháilitheacht</u>**

**Ceanglais Saoránachta (an 1 Meán Fómhair 2023)**

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe:

(a) A bheith ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is é atá in LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
(b) A bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe; nó
(c) A bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir leis an tsaorghluaiseacht daoine; nó
(d) A bheith ina saoránach de chuid tír nach tír LEE í agus a bhfuil cead stampa 4[1] nó cead stampa 5 aige/aici;

**Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí bheith incháilithe faoi dháta aon tairisceana poist.**

**Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí**

Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 01 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra dar dáta an 28 Meitheamh 2012. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (mar a mhínítear é sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíocht a fhoirceannadh. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

**Sláinte agus Carachtar**

Ní mór d'iarrthóirí dea-shláinte a bheith acu, cumas agus inniúlacht a bheith acu chun an obair a shanntar dóibh a dhéanamh, agus dea-charachtar a bheith acu freisin. Éileofar orthu sin atá á mbreithniú le haghaidh poist dearbhú sláinte agus carachtair a chomhlánú. Iarrfar teistiméireachtaí. Teastóidh imréiteach slándála speisialta ó roinnt post agus beidh sé riachtanach foirm a chomhlánú le haghaidh ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ina leith. I gcás go dtiocfaidh coinbhleachtaí leasa chun cinn, is féidir nach mbreithneofar iarrthóirí le haghaidh poist áirithe.

**An Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS)**

Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir (SDLS), mar a leagtar amach í i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, nach bhfuil daoine a scoir incháilithe faoin Scéim sin le haghaidh cur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Ní ceadmhach, mar sin, do dhaoine a scoir faoin scéim sin cur isteach ar an bpost seo.

**Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010)**

Tugadh isteach Scéim Luathscoir Shaorálaigh Spriocdhírithe (LSS) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Saorálaí (SIS) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 01 Samhain 2010. Is coinníoll de chuid scéim LSS é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a chistítear go hiomlán nó go príomha as airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoi SIS, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana é an toirmeasc. Níl

[1] *Tabhair faoi deara go nglactar le víosa Airteagal 50 CAE, a tháinig in ionad Stampa 4 EUFAM tar éis an Bhreatimeachta, mar choibhéis le Stampa 4.*

daoine a bhain leas as scéim LSS incháilithe le páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as scéim SIS agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

**An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013)**
Tugadh Scéim Iomarcaíochta Saorálaí d'Údaráis Áitiúla isteach le Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. De réir théarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sonrach de chuid na Scéime Luathscoir Shaorálaigh nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [de réir an tsainmhínithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011, agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis a ndáta imeachta faoin Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha seo freisin i gcás fostaíochta ar bhonn conradh le haghaidh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

**Dearbhú**
Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir Seirbhíse Poiblí. Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochair phinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás go bhfuair siad íocaíocht ionaid i leith seirbhís in aon fhostaíochta Seirbhíse Poiblí.

**Fostóir Roghnaithe**
Mar **Fhostóir Roghnaithe**, tá ag an Státseirbhís a lán beartas le haghaidh obair sholúbtha agus obair a thacaíonn le teaghlaigh, e.g., Comhroinnt Oibre, Bliain Oibre Níos Giorra agus Cianobair (a oibrítear ar bhonn 'cumaisc'), etc. Maidir le gach beartas roghnach, féadfar iarratas a dhéanamh orthu de réir na bhforálacha reachtúla iomchuí agus tá siad faoi réir riachtanais ghnó na heagraíochta.

Oibríonn an Státseirbhís scéim Soghluaisteachta le haghaidh gach gráid ghinearálta seirbhíse freisin. Leis an scéim seo, soláthraítear deiseanna gairme do bhaill foirne chun róil éagsúla a fhoghlaim, agus chun páirt a ghlacadh iontu, i raon eagraíochtaí Státseirbhíse agus i raon láithreacha geografacha.

## <u>Príomhchoinníollacha Seirbhíse</u>

**<u>Ginearálta</u>**
Tá an ceapachán chuig post trí bliana sa Státseirbhís agus tá sé faoi réir Achtanna Rialuithe na Stát-Seirbhíse, 1956 go dtí 2005, an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Achta eile atá i bhfeidhm idir an dá linn sa Státseirbhís.

**<u>Tuarastal</u>**
Is é seo an tuarastal le haghaidh an phoist seo, agus an ráta in éifeacht ón 1 Lúnasa 2025 i leith:

**Ardoifigeach Feidhmiúcháin (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin) – 01/08/2025**
**€58,847, €60,567, €62,285**

**Scála Ranníocaíochta Pearsanta Pinsin**
Tá feidhm ag an ráta pá RPP i gcás go gceanglaítear ar an duine aonair Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (dá ngairtear ranníocaíocht príomhscéime ar shlí eile) a íoc de réir rialacha a p(h)ríomhscéime aoisliúntais/a scéime pearsanta aoisliúntais. Tá sé sin difriúil le ranníocaíocht i ndáil le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí agus tá sé difriúil freisin leis na Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais.

Beidh feidhm ag ráta difriúil i gcás **nach gceanglaítear** ar an gceapaí Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

**Nóta Tábhachtach**

Is ag bun an scála a thosófar agus ní bheidh an ráta luach saothair faoi réir idirbheartaíochta agus féadfar é a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

Féadfar go mbeidh téarmaí agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm i gcás gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí san am i láthair atá sa cheapaí.

Féadfar breisíochtaí a íoc faoi réir feidhmíocht shásúil de réir Beartas reatha Rialtais.

Comhaontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas nó speansas de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-Íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas agus Speansas a rinneadh le Baill Foirne/Iar-Bhaill Foirne/Pinsinéirí.

**Tionacht agus Promhadh**
Is chuig post trí bliana ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís a bheidh ceapacháin ón gcomórtas seo chuig ról an Speisialtóra Shinsearaigh TFC (Forbairt Bogearraí) sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí.

Beidh feidhm ag an gconradh promhaidh go ceann tréimhse bliana ón dáta atá sonraithe ar an gconradh.

Le linn thréimhse an chonartha promhaidh sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí, beidh d'fheidhmíocht faoi réir athbhreithnithe ag an maoirseoir cuí/na maoirseoirí cuí chun a chinneadh –

(i) An raibh d'fheidhmíocht sásúil,
(ii) An raibh tú sásúil ó thaobh iompair ghinearálta de, agus
(iii) An bhfuil tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe ag féachaint do shaoire bhreoiteachta.

Sula gcríochnófar an conradh promhaidh, déanfar cinneadh ar cé acu a choinneofar nó nach gcoinneofar thú, de bhun *alt 5A(2) d'Achtanna Rialuithe na Státseirbhíse, 1956-2005.* Bunófar an cinneadh sin ar d'fheidhmíocht, agus í á measúnú i gcomparáid leis na critéir atá leagtha amach i bhfomhíreanna (i) go (iii) thuas. Déanfaidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí mionsonraí an phróisis promhaidh a mhíniú duit agus tabharfar cóip de na treoirlínte maidir le promhadh ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe duit.

D'ainneoin mhíreanna roimhe seo den rannán seo, féadfaidh ceachtar taobh an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

Sna himthosca áirithe seo a leanas, féadfar fadú le do chonradh agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí.

- Beidh an tréimhse phromhaidh ar fionraí le linn d'fhostaí bheith as láthair de bharr Saoire Mháithreachais nó Saoire Uchtála.
- Maidir le fostaí atá as láthair ar Shaoire do Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóirí, is féidir go n-éileoidh an fostóir go gcuirfear an tréimhse phromhaidh ar fionraí i gcás nach measfar an neamhláithreacht a bheith comhsheasmhach le leanúint den tréimhse phromhaidh.
- Féadfar an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí i gcásanna amhail neamhláithreacht mar gheall ar bhreoiteacht neamh-athfhillteach, agus
- Aon fhoráil reachtúil eile lena bhforáiltear –
  (i) go mbeidh an tréimhse phromhaidh ar fionraí le linn neamhláithreacht fostaí ón obair, agus
  (ii) go gcuirfidh an fostaí an tréimhse phromhaidh i gcrích ar fhilleadh an fhostaí ar an obair tar éis neamhláithreacht den sórt sin.

I gcás go gcuirfear tréimhse phromhaidh ar fionraí, ba cheart don fhostóir fógra a thabhairt don fhostaí i dtaobh na n-imthosca a bhaineann leis an bhfionraí.

Cuirfidh gach ceapaí tréimhse phromhaidh aonbhliana isteach. Más rud é go raibh ceapaí a dteipeann air/uirthi na coinníollacha promhaidh a chomhlíonadh ina státseirbhíseach ar seirbhís díreach sular ceapadh é/í ón gcomórtas seo, is gnách go dtiocfaidh saincheist an fhillte chun cinn. I gcás fillte, fillfidh an t-oifigeach ar fholúntas ina (h)iarghrád sa Roinn a raibh sé/sí inti roimhe sin.

**<u>Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2015</u>**

Ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2015, maidir le d'fhostaíocht a fhoirceannadh i gcás go rachaidh an conradh promhaidh seo in éag gan é a athnuachan agus ar an gcúis sin amháin.

**<u>Dualgais</u>**

Ceanglófar ort aon dualgais atá oiriúnach do do ghrád a d'fhéadfaí a shannadh duit a chomhlíonadh. Ní fhéadfaidh tú dul i mbun cleachtadh príobháideach ná a bheith bainteach le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh na ndualgas oifigiúil.

**<u>Ceanncheathrú</u>**

Beidh na hiarrthóirí rathúla a cheapfar chuig an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí ag obair i dTeach Styne, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. Nuair a bhíonn oifigeach ar dualgas agus as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú dá bharr, íocfar speansais chuí taistil agus chothaithe leis/léi.

**<u>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</u>**

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, maidir le d'fhostaíocht agus tá na huaireanta freastail agus na teidlíochtaí saoire a mbeidh feidhm acu leagtha amach thíos.

**Uaireanta Freastail**
Seasfar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú, ar an meán, ná 41 uair agus 15 nóiméad mar uaireanta freastail comhlána sa tseachtain nó 35 uair an chloig mar uaireanta freastail glana sa tseachtain.

Ní dhéanfar aon íocaíocht bhreise i leith freastal breise (os cionn 41 uair an chloig agus 15 nóiméad chomhiomlána, nó 35 uair an chloig glan sa tseachtain) toisc go gcumhdaítear leis an ráta luach saothair is iníoctha aon dliteanas i leith freastal breise eisceachtúil a eascróidh ó am go ham.

**Saoire Bhreoiteachta**
De réir fhorálacha na gciorclán maidir le saoire bhreoiteachta, íocfar pá le linn saoire bhreoiteachta chuí-dheimhnithe ar bhonn pro rata, ar choinníoll nach mbeidh aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse.

Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ÁSPC ar ráta Aicme A sainordú a shíniú lena dtabharfar údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí sochair ar bith atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le Roinn do shannacháin. Beidh íocaíocht tuarastail le linn na breoiteachta faoi réir na héilimh riachtanacha a bheith á ndéanamh agat ar shochar árachais shóisialta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh den teorainn riachtanach ama.

**Saoire Bhliantúil**
29 lá oibre sa bhliain a bheidh sa liúntas saoire bliantúla. Agus é faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú, tá an liúntas sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí ar áireamh ann.

**Fostaíocht Sheachtrach**
Post lánaimseartha a bheidh sa phost seo, agus ní fhéadfaidh an ceapaí dul i mbun cleachtadh príobháideach ná a bheith bainteach le haon ghnó seachtrach a thagann salach ar a d(h)ualgais oifigiúla, a chuireann as dá f(h)eidhmíocht nó a chuireann isteach ar a (h)ionracas.

**Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas**
Beidh an ceapachán faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Aontóidh iarrthóirí rathúla nach nochtfaidh siad aon fhaisnéis rúnda do thríú páirtithe neamhúdaraithe le linn na tréimhse fostaíochta ná ina diaidh.

**Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse**
Beidh an ceapachán faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

**Gníomhaíocht Pholaitiúil**
Beidh an ceapachán faoi réir na rialacha lena rialaítear státseirbhísigh agus polaitíocht.

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001**
Tá feidhm ag forálacha na nAchtanna sin, de réir mar is cuí, maidir leis an bpost seo.

**Cód Pearsanra**
Is féidir tuilleadh mionsonraí agus ciorclán maidir leis na téarmaí agus coinníollacha sin a aimsiú sa Chód Pearsana agus ar an suíomh Gréasáin seo a leanas: www.circulars.gov.ie.

**Má dhéanann tú iarratas ar an bpost seo, tuigfear gur thoiligh tú leis na coinníollacha thuas.**

**Aoisliúntas agus Scor**
Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí atá i réim sa Státseirbhís a thairiscint don iarrthóir rathúil an tráth a thairgfear ceapachán. Go ginearálta, is bunaithe ar chomhaltas sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") a thairgfear ceapachán do cheapaí nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí riamh. Tá mionsonraí iomlána faoin Scéim ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie

I gcás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí nach mbaineann leis an Scéim Aonair) sna 26 seachtaine sular ceapadh é/í nó go bhfuil sé/sí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le pá/gan phá, is féidir go mbeidh téarmaí difriúla i bhfeidhm. Déanfar teidlíocht pinsin na gceapaithe sin amach maidir lena stair fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is mar seo a leanas atá na príomhfhorálacha atá i bhfeidhm maidir le comhaltas den Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ar a dtagann an pinsean chun bheith iníoctha agus an aois incháilitheachta le haghaidh an Phinsin Stáit, arb í 66 bliana d'aois í faoi láthair.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill sa scéim dul ar scor ar 70 bliain d'aois a shlánú.
- Baintear úsáid as meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraítear suim phinsin agus cnapshuim gach bliain agus uasrátáiltear iad gach bliain faoi threoir an phraghasinnéacs tomhaltóirí).
- Tá baint leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí ag méaduithe pinsin iarscoir

**Laghdú Pinsin**
Más rud é go raibh an ceapaí fostaithe cheana féin sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfaigheann sé/sí pinsean ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí, nó más rud é go bhfuil pinsean Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí á íoc le linn a (h)athfhostaíochta, **beidh** an pinsean sin **faoi réir laghdú** de réir alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara: Nuair a dhéanann tú iarratas ar an bpost seo, tá tú á admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha laghdúcháin, nuair is ábhartha. Níl sé beartaithe go dtacóidh an Roinn/Oifig is fostóir le hiarratas ar tharscaoileadh laghdúcháin i dtaca le ceapacháin chun an phoist seo.**

Mar sin féin, más rud é go raibh an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus gur bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe luathscoir shaorálaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS), Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte maidir le LSS/SIS nó Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a bhfágann ceann ar bith díobh nach bhfuil duine incháilithe le haghaidh an chomórtais), scoirfidh teideal chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Is féidir, áfach, go ndéanfar socruithe speisialta chun seirbhís roimhe sin de chuid an cheapaí a ríomh chun críocha aon aoisliúntais a mbeidh an ceapaí i dteideal é a fháil sa todhchaí.

**Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí: An Roinn Oideachais agus Scileanna – Ciorclán 102/2007**
Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí a thabhairt isteach. Tá sé mar choinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht ciorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, más rud é go nglacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim sin agus go bhfostaítear é/í in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, a scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim. Tosófar arís ar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain

d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar **<u>mhúinteoir</u>** (i.e., ní chuirfear san áireamh na blianta breise a tugadh roimhe sin nuair a bheidh an íocaíocht pinsin á ríomh).

**<u>Scor de dheasca Easláinte</u>**

Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, maidir le haon daoine a chuaigh ar scor roimhe sin ar fhorais easláinte faoi théarmaí aon scéime aoisliúntais, a éilítear orthu a dhearbhú don eagraíocht atá ag riar an chomórtais earcaíochta, ag an gcéim iarratais tosaigh, cé acu atá nó nach bhfuil siad ag fáil pinsean den sórt sin.

Éileofar ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomh-Dhochtúra Oifigiúil chun go measúnófar a gcumas chun seirbhís thráthrialta éifeachtach a sholáthar, agus an riocht a cháiligh iad le haghaidh scor de dheasca easláinte á chur san áireamh.

**<u>Ceapachán tar éis scor den Státseirbhís de dheasca easláinte</u>**

Má éiríonn leis ina (h)iarratas tríd an gcomórtas, ba cheart don iarratasóir a bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

1. Más rud é go meastar é/í a bheith oiriúnach do sheirbhís rialta éifeachtach a sholáthar agus go sanntar é/í do phost, scoirfear dá p(h)insean státseirbhíse de dheasca easláinte a íoc.
2. Má theipeann ar an iarratasóir an promhadh a chur i gcrích ina dhiaidh sin nó má chinneann sé/sí éirí as a p(h)ost sannta, <u>ní fhéadfar é/í a fhilleadh ar stádas scoir ón státseirbhís de dheasca easláinte ná an pinsean státseirbhíse de dheasca easláinte a bhí ann roimh an iarratas a athbhunú</u>, agus ní bheidh sé/sí ina theidil sin ach oiread.
3. Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina b(h)all den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar a c(h)eapadh má bhí sos is mó ná 26 seachtaine i seirbhís phoiblí inphinsin/státseirbhís inphinsin aige/aici.

**<u>Ceapachán tar éis scor den tSeirbhís Phoiblí de dheasca Easláinte:</u>**

1. I gcás go ndeachaigh duine ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí, is féidir go mbeidh a p(h)insean de dheasca easláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithniú de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca easláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn le hiarratasóir, éileofar air/uirthi, ag an gcéim dheiridh ar lena linn a dhéanfar seiceálacha réamhfhostaíochta, a dhearbhú cé acu atá nó nach bhfuil sé/sí ag fáil pinsean seirbhíse poiblí (bíodh pinsean de dheasca easláinte nó pinsean eile ann) agus is féidir go mbeidh a p(h)insean seirbhíse poiblí faoi réir laghdú.
3. Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina b(h)all den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar a c(h)eapadh má bhí sos is mó ná 26 seachtaine i seirbhís phoiblí inphinsin/státseirbhís inphinsin aige/aici.

Tabhair faoi deara go gcuirfear ar fáil ar í a iarraidh faisnéis níos mine maidir leis na himpleachtaí pinsin dóibh sin atá ag fáil pinsean státseirbhíse nó seirbhíse poiblí de dheasca easláinte.

**<u>Fabhrú Pinsin</u>**

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i gcás go raibh duine ina b(h)all de níos mó ná scéim pinsean seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (i.e., scéim nach í an Scéim Aonair í) de réir Acht 2012. Foráiltear don teorainn 40

bliain sin san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí pinsin aige sin ar cheapaí ar bith a bhfuil cearta pinsin gnóthaithe aige/aici i bpost sa tseirbhís phoiblí roimhe seo.

**Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais**

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Breise Aoisliúntais de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. **Tabhair faoi deara:** Tá asbhaintí Ranníocaíochta Breise Aoisliúntais de bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (an phríomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a éilítear faoi rialacha do scéime pinsean.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, féach an suíomh Gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

**Fógra Tábhachtach**

**Is é atá sna nithe roimhe seo ná na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus de na coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.**

**PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS**

**Conas iarratas a dhéanamh**

Ní mór iarratais a dhéanamh tríd an bhfoirm iarratais a chur isteach. Is féidir í a rochtain ar líne ag https://www.laweform.ie/

Má dhéantar aon mhíchruinneas le linn an fhoirm a chomhlánú, is féidir go ndiúltófar don iarratas. Dá bhrí sin, tá sé le do leas féin a chinntiú gur ceart atá an fhaisnéis a thugann tú sna codanna uile. Más gá leanúint ar aghaidh ar bhileog ar leith, leag an fhaisnéis amach ar an mbealach céanna atá sí leagtha amach san fhoirm iarratais.

Ní thugann cead isteach duine i gcomórtas, ná cuireadh chun agallaimh, le fios gur deimhin leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí go gcomhlíonann an duine lena mbaineann ceanglais an chomórtais ná nach bhfuil an duine dícháilithe de réir dlí ón bpost a shealbhú. Ní ghabhann aon ráthaíocht leis ach oiread go ndéanfar iarratas an iarratasóra a bhreithniú tuilleadh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtugann tú faoi deara gur fútsa atá sé a chinntiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas sula bhfreastalóidh tú ar agallamh. Más rud é nach gcomhlíonann tú na ceanglais bhunriachtanacha iontrála sin agus go bhfreastalaíonn tú ar agallamh ina ainneoin sin, beidh tú ag tabhú speansas gan ghá toisc nach mbeidh freagracht ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí as aon speansais arna dtabhú a aisíoc.

**Dáta Deiridh: 12pm meán lae an 26 Eanáir 2026**

**Ní ghlacfar le hiarratais a bheidh faighte tar éis an dáta agus ama deiridh.**

Ní mór an fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh le ríomhphost chuig recruitment@lawreform.ie tráth nach déanaí ná **12pm meán lae an 26 Eanáir 2026.** Mura bhfaigheann tú admháil á dheimhniú go bhfuarthas d'fhoirm iarratais chomhlánaithe, déan teagmháil leis an bhfoireann Seirbhísí Dlí agus Corparáidí sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí ach glao a chur ar 01-6377600 (lcs@lawreform.ie)

**Modhanna Roghnúcháin**

De ghnáth, is mó an líon iarratas a fhaightear le haghaidh poist ná an líon a theastaíonn chun folúntais reatha agus folúntais amach anseo sa phost sin a líonadh. Fiú amháin i gcás go gcomhlíonfaidh tú ceanglais incháilitheachta an chomórtais, d'fhéadfadh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a chinneadh nach ngairfí ach líon áirithe iarrthóirí chun agallaimh i gcás nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine de bharr an lín atá ag déanamh iarratas ar an bpost. Chuige sin, bainfidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí úsáid as próiseas gearrliostúcháin chun roghnú a dhéanamh ar ghrúpa daoine a mheasfar a bheith ar na daoine is oiriúnaí don phost tar éis an fhoirm iarratais a scrúdú le haghaidh agallamh a chur orthu. Ní hé sin le rá nach bhfuil na hiarrthóirí eile oiriúnach ná nach bhfuil siad in ann an post a dhéanamh. Ina ionad sin, táthar á rá go meastar go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó a bhfuil taithí níos ábhartha acu, ar bhonn fianaise prima facie. Dá bhrí sin, tá sé le do leas féin cuntas mionsonraithe cruinn ar na cáilíochtaí/an taithí atá agat a chur ar fáil ar an bhfoirm iarratais.

Áireofar na nithe seo leis na modhanna a úsáidfear chun an t-iarrthóir rathúil a roghnú le haghaidh an phoist seo:

- Iarrthóirí a ghearrliostú (más gá) ar bhonn na faisnéise atá ina bhfoirm iarratais.
- Má chuirtear iarrthóir ar an ngearrliosta, agallamh iomaíoch, rud a bhféadfadh cur i láthair agus/nó cleachtadh/cleachtaí breise measúnachta a bheith i gceist leis.

**Samhlaítear go gcuirfear gearrliostú ar siúl ag deireadh mhí Eanáir 2026 agus go gcuirfear agallaimh ar siúl i mí Feabhra 2026.**

Tá an dualgas ar na hiarratasóirí uile iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí a bheidh sonraithe ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí agus cibé socruithe is gá a dhéanamh chun a chinntiú go bhfaighidh siad na teachtaireachtaí arna seoladh chucu ag na sonraí teagmhála arna sonrú ar a bhfoirm iarratais (is é ríomhphost an meán cumarsáide is fearr linn, ach is féidir an gnáthphost a úsáid nuair a mheastar é a bheith cuí). Ní bheidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí freagrach as aon speansais a thabhóidh iarrthóirí i ndáil lena n-iarrthóireacht.

**Rúndacht**
Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, caithfear le hiarratais i modh rúin dhaingin.

**Imréiteach Slándála**
Is féidir go n-iarrfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i gcás daoine aonair atá á mbreithniú lena gceapadh. Ceanglófar ar an iarratasóir foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Cuirfear an fhoirm ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann inar chónaigh an t-iarratasóir roimhe seo. Chomh maith leis, féadfar fiosrúcháin a dhéanamh leis an bhfórsa póilíneachta in aon tír inar chónaigh an t-iarratasóir roimhe seo. Mura n-éiríonn leis an iarratasóir ina leith sin, scriosfaidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí an fhaisnéis lena mbaineann. Má tharlaíonn sé ina dhiaidh sin go bhfuil an t-iarratasóir á b(h)reithniú lena c(h)eapadh chuig post eile, ceanglófar air/uirthi an fhaisnéis sin a sholáthar an athuair.

**Cearta Iarrthóirí**

**Treoirlínte maidir le déileáil le hachomhairc/iarratais ar athbhreithniú**
Breithneoidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí iarrataí ar athbhreithniú de réir fhorálacha na gcód cleachtais arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus a dtagraítear dóibh sa bhileog mhínithe i dtosach an leabhráin seo. Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (www.cpsa.ie).

I gcás go mbeidh iarrthóir míshásta le gníomh nó cinneadh a rinneadh i dtaca lena (h)iarratas, féadfaidh sé/sí athbhreithniú a iarraidh faoi Chuid 7 den chód cleachtais lena rialaítear an próiseas earcaíochta, ar athbhreithniú é a mbeidh duine sa chomhlacht is earcaitheoir (athbhreithnitheoir tosaigh) ina bhun. I gcás go mbeidh iarrthóir míshásta fós tar éis an athbhreithnithe tosaigh sin, féadfaidh sé/sí a iarraidh go ndéanfaidh "eadránaí cinntí" scrúdú ar sheoladh an athbhreithnithe tosaigh.

Mar mhalairt ar a bhfuil thuas, is féidir le hiarrthóir féachaint leis an ábhar a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil mar atá leagtha amach thíos. I gcás go mbeidh iarrthóir míshásta fós tar éis aon phlé den sórt sin, is féidir leis/léi athbhreithniú foirmiúil a iarraidh.

**Próiseas neamhfhoirmiúil**

- Féadfaidh an t-iarrthóir leas a bhaint as an athbhreithniú foirmiúil laistigh de chúig lá oibre ón tráth a fhaightear fógra faoin gcinneadh tosaigh agus ba cheart an t-athbhreithniú a thionól de ghnáth idir an t-iarrthóir agus an duine a chuir an cinneadh in iúl (nó an duine iomchuí).

- I gcás go mbainfidh an cinneadh atá á chur in iúl le céim eatramhach de phróiseas roghnúcháin, ní mór an iarraidh ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a fháil laistigh de dhá lá oibre ón tráth a fhaightear an cinneadh.

- I gcás go mbeidh iarrthóir míshásta fós tar éis aon phlé neamhfhoirmiúil den sórt sin, féadfaidh sé/sí dul i mbun na nósanna imeachta foirmiúla atá leagtha amach thíos.

- Más mian leis an iarrthóir go ndéileálfar leis an ábhar ar mhodh athbhreithniú foirmiúil, ní mór dó/di é sin a iarraidh laistigh de dhá lá oibre ón tráth a fhaightear an fógra faoi thoradh an athbhreithnithe neamhfhoirmiúil.

**Próiseas Foirmiúil: Athbhreithniú inmheánach**

- Ní mór don iarrthóir a (h)ábhair mhíshástachta i ndáil leis an bpróiseas a chur in iúl i scríbhinn don Cheann Riaracháin agus Acmhainní Daonna, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, agus na gnéithe sin den ghníomh nó den chinneadh i ndáil lena (h)iarrthóireacht ar mian leis/léi iad a chur faoi athbhreithniú á leagan amach aige/aici.

- Ní mór iarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de dheich lá oibre ón tráth a fhaightear an fógra faoin gcinneadh tosaigh. I gcás go mbainfidh an cinneadh le céim eatramhach de phróiseas roghnúcháin, ní mór an iarraidh ar athbhreithniú a fháil laistigh de cheithre lá oibre.

- Ní cheadófar na teorainneacha ama sin a fhadú ach amháin in imthosca den chineál is eisceachtúla agus is faoi rogha aonair an Choimisinéara Lánaimseartha nó aon Oifigigh Ainmnithe eile laistigh den Choimisiún a bheidh sé fadú a cheadú.

- De ghnáth, ní mór an toradh a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 20 lá oibre ón tráth a fhaightear an gearán nó an iarraidh ar athbhreithniú. Gheobhaidh an t-iarrthóir toradh an athbhreithnithe ar mhodh tuarascáil i scríbhinn.

- Más rud é go bhfuil iarrthóir míshásta le toradh an athbhreithnithe tosaigh, féadfaidh sé/sí a iarraidh go ndéanfadh eadránaí cinntí athbhreithniú ar sheoladh an athbhreithnithe tosaigh.

**Athbhreithniú ag an eadránaí cinntí**

Is é Uachtarán an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a cheapann an t-eadránaí cinntí. Ní bheidh aon bhaint ag an eadránaí cinntí leis an bpróiseas roghnúcháin agus déanfaidh sé/sí breith a thabhairt faoi iarrataí ar athbhreithniú i gcásanna ina bhfuil iarrthóir míshásta le toradh an athbhreithnithe tosaigh. Is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an eadránaí cinntí i ndáil le hábhair den sórt sin.

- Ní mór iarraidh a dhéantar chuig an eadránaí cinntí a fháil laistigh de sheacht lá oibre ón tráth a thugtar fógra faoi thoradh an athbhreithnithe tosaigh.

- Ní mór toradh an imscrúdaithe a chur in iúl don iarrthóir i bhfoirm tuarascála i scríbhinn laistigh de 10 lá oibre.

I gcás go mbeidh iarrthóir den tuairim gur sáraíodh an Cód Cleachtais ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí i ngné den phróiseas, féadfaidh sé/sí a éileamh go n-imscrúdófaí é faoi **Chuid 8** den chód cleachtais.

**Próiseas neamhfhoirmiúil**

- Molann an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí go mbainfeadh an t-iarrthóir leas as an bpróiseas neamhfhoirmiúil chun féachaint leis an ábhar a réiteach leis an gcomhlacht is earcaitheoir. Más rud é go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós, féadfaidh sé/sí dul i muinín an phróisis fhoirmiúil laistigh de dhá lá oibre ó fhógra faoin bpróiseas foirmiúil a fháil.

**Próiseas foirmiúil**

- Má tá athbhreithniú foirmiúil á iarraidh agat, ní mór duit scríobh chuig an gCoimisinéir Lánaimseartha nó chuig Oifigeach Ainmnithe eile laistigh den Choimisiún, agus mionsonraí á dtabhairt agat faoin sárú ar an gcód cleachtais agus aon doiciméid ábhartha a d'fhéadfadh tacú leis an líomhain á gcur faoi iamh agat.

- De ghnáth, ní mór an toradh a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 20 lá oibre ón tráth a fhaightear an gearán nó an iarraidh ar athbhreithniú. I gcás nach dtiocfar ar chinneadh laistigh den tréimhse sin, déanfaidh an t-athbhreithnitheoir an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas faoi stádas an athbhreithnithe.

- Más rud é go bhfuil iarrthóir míshásta le toradh an athbhreithnithe sin, féadfaidh sé/sí athbhreithniú breise a iarraidh tríd an ábhar a tharchur chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí i riocht achomharc i gcoinne athbhreithniú an tsealbhóra ceadúnais. Ní mór dó/di scríobh chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí laistigh de dheich lá oibre ón toradh ar athbhreithniú an tsealbhóra ceadúnais a fháil.

**Oibleagáidí Iarrthóirí**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofaí iad dá dtabharfadh siad faoi chanbhasáil agus nach mbeadh siad curtha san áireamh sa phróiseas dá bharr.
Ní ceadmhach d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go feasach nó go místuama
- aon duine a chanbhasáil, trí aslú nó gan aslú
- cur isteach ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith.

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas. Aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú, is féidir go mbeidh sé/sí ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás go raibh nó go bhfuil duine a ciontaíodh i gcion ina (h)iarrthóir ag próiseas earcaíochta, ansin:

- i gcás nár ceapadh é/í chuig post, dícháileofar é/í mar iarrthóir; agus
- i gcás gur ceapadh é/í tar éis an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

**Iarrthóireacht a mheas a bheith tarraingthe siar**

Glacfar leis go bhfuil a (h)iarrthóireacht tarraingthe siar ag iarrthóir nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar aon tástáil eile de réir mar a éileoidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid air/uirthi, cibé fianaise a éilíonn an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena (h)iarrthóireacht.

**Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí**

Tá sé mar aidhm againn scothsheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Más rud é go bhfuil tú míshásta le gné ar bith den tseirbhís a fhaigheann tú uainn ar cibé cúis, mholfaimis duit aird an Chinn Riaracháin agus Acmhainní Daonna nó an bhaill foirne lena mbaineann a tharraingt ar an méid sin. Is rud tábhachtach é sin mar go gcinntíonn sé go bhfuilimid eolach ar an bhfadhb agus go bhfuilimid in ann na bearta cuí a dhéanamh lena réiteach.

**Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2018**

Nuair a fhaightear an fhoirm iarratais uait, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm agus cuirtear cuid mhór den fhaisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú isteach sa taifead sin. Úsáidtear an taifead pearsanta sin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil agus chuige sin amháin. Tá faisnéis atá á coinneáil ar ríomhaire faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2018. Faoi na hAchtanna sin, tá tú i dteideal teacht tráth ar bith ar chóip den fhaisnéis atá á coinneáil fút ar ríomhaire. Gearrann an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí táille €6.35 as gach iarraidh. Ba cheart duit seic nó ordú poist a chur faoi iamh agus d'iarraidh a sheoladh chuig:

Ceann Riaracháin,
Coimisiún um Athchóiriú an Dlí,
Teach Styne,
Sráid Haiste,
Baile Átha Cliath 2.

Déantar míreanna áirithe faisnéise, nach mbaineann go sonrach le haon duine aonair, a bhaint as taifid ríomhaire chun críocha ginearálta staidrimh.

**Tabhair faoi deara: Is mar eolas amháin atá an doiciméad seo, agus níl sé beartaithe a bheith ina léiriú dlíthiúil ar aon doiciméid, treoirlínte nó reachtaíocht eile.**

## AGUISÍN A – CREAT INNIÚLACHTA NA STÁTSEIRBHÍSE

Chun go n-éireoidh leat, beidh ort a bheith in ann na príomhinniúlachtaí a theastaíonn ó Ardoifigeach Feidhmiúcháin a thaispeáint. Beidh ort a thaispeáint go háirithe, trí thagairt d'éachtaí sonracha nó do shamplaí sonracha ó do ghairm, go bhfuil agat na scileanna, na cáilíochtaí agus an t-eolas a éilítear, faoi mar atá leagtha amach ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí sa chreat inniúlachta uaithi.

Is iad seo na príomhinniúlachtaí atá bunaithe ag grád an Ardoifigigh Feidhmiúcháin:

| **Ceannaireacht Foirne** |
|---|
| • Oibríonn sé/sí leis an bhfoireann chun ardfheidhmíocht a éascú, agus cuspóirí soiléire inghnóthaithe á bhforbairt agus aghaidh á tabhairt ar aon saincheisteanna feidhmíochta má thagann siad chun cinn<br>• Soláthraíonn sé/sí faisnéis agus comhairle shoiléir ar ar gá don fhoireann a dhéanamh<br>• Féachann sé/sí le modhanna éifeachtacha oibre a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun cuspóirí a chomhlíonadh<br>• Treoraíonn sé/sí an fhoireann le dea-shampla, agus é/í ag cóitseáil daoine aonair agus ag tacú leo de réir mar is gá<br>• Cuireann sé/sí an-tábhacht ar fhorbairt foirne, ar oiliúint agus ar scileanna agus acmhainn na foirne a uasmhéadú<br>• Tá sé/sí solúbtha agus toilteanach oiriúnú, agus é/í ag rannchuidiú go dearfach le hathruithe a chur chun feidhme |
| **Breithiúnas, Anailís agus Cinnteoireacht** |
| • Bailíonn agus anailísíonn sé/sí faisnéis ó fhoinsí ábhartha, cibé acu is foinsí airgeadais, foinsí uimhriúla nó foinsí eile iad, agus raon tosca criticiúla á gcur sa mheá aige/aici<br>• Cuireann sé/sí aon saincheisteanna leathana, cláir oibre, íogaireachtaí agus impleachtaí gaolmhara san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige/aici<br>• Úsáideann sé/sí eolas agus taithí roimhe chun cinntí a threorú<br>• Baineann sé/sí úsáid as breithiúnas chun cinntí fónta a bhfuil dea-réasúnaíocht taobh thiar díobh a dhéanamh agus seasann sé/sí dóibh siúd Molann sé/sí réitigh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna |
| **Bainistíocht agus Soláthar Torthaí** |
| • Glacann sé/sí freagracht agus cuntasacht as cuspóirí comhaontaithe a sholáthar<br>• Éiríonn leis/léi raon tionscadal difriúil agus gníomhaíochtaí difriúla oibre a bhainistiú ag an aon am amháin<br>• Déanann sé/sí a (h)obair féin agus obair daoine eile a struchtúrú agus a eagrú go héifeachtach |

- Tá sé/sí loighciúil agus pragmatach ó thaobh cur chuige de, agus na torthaí is fearr is féidir á soláthar aige/aici laistigh de na hacmhainní atá ar fáil
- Tarmligeann sé/sí obair go héifeachtach, agus faisnéis agus fianaise shoiléir á soláthar aige/aici ar ar gá a dhéanamh
- Sainaithníonn sé/sí go réamhghníomhach réimsí lena bhfeabhsú agus cumann sé/sí moltaí praiticiúla maidir lena gcur chun feidhme
- Léiríonn sé/sí díograis d'fhorbairtí nua/cleachtais athraitheacha oibre agus féachann sé/sí leis na hathruithe sin a chur chun feidhme go héifeachtach
- Cuireann sé/sí córais/próisis chuí i bhfeidhm chun seiceáil cháilíochta gach gníomhaíochta agus aschuir a chumasú
- Déanann sé/sí cleachtadh agus cur chun cinn ar dhíriú láidir ar sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar do chustaiméirí inmheánacha agus do chustaiméirí seachtracha araon

**Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide**

- Déanann sé/sí teagmháil a fhorbairt agus a choinneáil ar bun le comhghleacaithe agus le geallsealbhóirí eile chun cabhrú leis an ról a chomhlíonadh
- Gníomhaíonn sé/sí mar nasc éifeachtach idir an fhoireann agus an lucht ardbhainistíochta
- Spreagann sé/sí plé oscailte cuiditheach ar shaincheisteanna oibre
- Léiríonn sé/sí cinnteacht, agus é/í ag gnóthú glacadh lena c(h)inntí trí fhaisnéis ábhartha a leagan amach agus trí na buntáistí a chur in iúl
- Caitheann sé/sí le daoine eile go stuama, go tuisceanach, go cúirtéiseach agus go hómósach, fiú i gcúinsí dúshlánacha
- Cuireann sé/sí faisnéis i láthair go soiléir, go gonta agus go muiníneach agus cumarsáid ó bhéal agus i scríbhinn á déanamh aige/aici
- Comhoibríonn sé/sí agus tacaíonn sé/sí le comhghleacaithe spriocanna na heagraíochta a bhaint amach

**Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt**

- Tá tuiscint shoiléir aige/aici ar a ról, a c(h)uspóirí agus a spriocanna féin agus ar ról, cuspóirí agus spriocanna na foirne agus ar conas a thagann siad le hobair an aonaid agus na Roinne/na hEagraíochta agus cuireann sé/sí an tuiscint sin in iúl do dhaoine eile
- Tá ardleibhéil saineolais TFC agus eolas leathan Earnála Poiblí atá ábhartha dá réimse oibre aige/aici
- Díríonn sé/sí ar fhéinfhorbairt, ag déanamh a d(h)íchill a f(h)eidhmíocht a fheabhsú

**Treallús agus Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí**

- Déanann sé/sí a d(h)ícheall feidhmíocht ardleibhéil a bhaint amach, agus méid suntasach fuinnimh á chur isteach aige/aici chun cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
- Léiríonn sé/sí athléimneacht agus é/í ag déileáil le himthosca dúshlánacha agus le hardéilimh
- Is duine iontaofa é/í agus is féidir brath air/uirthi
- Cinntíonn sé/sí go ndírítear ar chustaiméirí sna seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil
- Cloíonn sé/sí le hardchaighdeáin ionracais, eitice agus mhacántachta

